

# AN SMACHT REACHTA: TREOIR D'ÚSÁIDEOIRÍ

VENICE COMMISSION
COMMISSION DE VENISE

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE

# AN SMACHT REACHTA, AN DAONLATHAS, CEARTA AN DUINE

**Tá an smacht reachta, an daonlathas agus cearta an duine, trí bhunphrionsabal Chomhairle na hEorpa, nasctha go dlúth lena chéile agus doscartha.**

- Cinntíonn an daonlathas go mbeidh saoránaigh páirteach i gcinnteoireacht phoiblí;
- Cosnaíonn cearta an duine gach aonair ó chur isteach iomarcach agus saorthoilteanach ar a a gcuid saoirsí agus cinntíonn siad dínit an duine;
- Cinntíonn stát atá  rialaithe faoi smacht reachta go ndéantar rialáil agus faireachán ar úsáid na cumhachta poiblí.

Cuireann an smacht reachta daonlathas chun cinn toisc go gcruthaíonn se freagracht dóibh siúd a bhfuil an chumhacht phoiblí acu. Cosnaíonn sé cearta an duine trí chóras dlí neamhspleách agus neamhchlaonta, agus cosnaíonn sé mionlaigh i gcoinne rialú treallach an tromlaigh.

**Cén fáth a bhfuil sé sin riachtanach?**
Bíonn stát gan rialacha soiléire tugtha don éagobhsaíocht agus treallachas.
Cosnaíonn an smacht reachta na saoirse bunúsach do chách . Is é an bunchloch do dímocrachtaí  na linne seo é.

**Tá an smacht reachta bunaithe ar chúig phrionsabal bhunúsacha:**

- **Dlíthiúlacht –** Bíonn na dlíthe i bhfeidhm ar chách agus bíonn teorainneacha cumhachta ann dá mbarr.
- **Deimhneacht dhlíthiúil –** Bíonn na dlíthe soiléir, inrochtana agus intuartha.
- **Drochúsáid cumhachta a chosc –** Déantar seiceáil chun treallachas a sheachaint.
- **Comhionannas os comhair an dlí agus neamh-idirdhealú –** Cosnaíonn na dlíthe cách, cuirtear na dlíthe i bhfeidhm go cothrom, agus cuirtear cosc ar idirdhealú.
- **Rochtain ar cheartas neamhspleách agus neamhchlaonta –** Is féidir le cách a gcearta a chosaint i gcúirt dlí.

Léaráidí de Bhantiarna an Dlí agus an Chirt leis an ealaíontóir Nadine Theuma as Málta





# DLÍTHIÚLACHT

## Baineann dlíthe le gach duine agus leagann siad teorainneacha ar chumhacht.


**I stát a rialaítear leis an smacht reachta, rialáiltear gníomhartha na n-údarás agus na saoránach le reachtaíocht a achtaítear go daonlathach. Ní féidir leis an feidhmeannach a chuid chumhacht a chleachtadh agus a thoil a chur i bhfeidhm gan cuimse ná maoirseacht.**

### Na príomhphrionsabail

- Caithfear na cinntí ar fad a dhéanamh laistigh de creatlach an dlí.
- Caithfear dlíthe a achtú de réir próiseas daonlathach atá soiléir agus trédhearcach.
- Caithfidh breithiúnacht neamhspleách athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí údarás phoiblí. Ní féidir leis an rialtas cumhachtaí nua a dheonú dó féin gan cloí leis na rialacha atá leagtha síos sa bhunreacht.
- Caithfear coinbhinsiúin agus conarthaí idirnáisiúnta, chomh maith le cinntí na gcúirteanna idirnáisiúnta, a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh.
- Caithfear an dlí a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

**Cén fáth a bhfuil sé sin riachtanach?**

Mura mbeadh orthu siúd atá i gcumhacht feidhmiú de réir an dlí, d’fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as an gcumhacht sin. Mar shampla, d’fhéadfadh rialtas srianta a chur i bhfeidhm ar shaoirsí de réir a thola féin. Cinntíonn soiléireacht agus meas ar reachtaíocht a achtaítear go daonlathach ceartas agus comhionannas do chách.



# DEIMHNEACHT DHLÍTHIÚIL

## Bíonn na dlíthe soiléir, insroichte agus réamhfheiceálach


**Cinntíonn deimhneacht dhlíthiúil go mbíonn na dlíthe soiléir, inrochtana agus intuartha, agus nach gcuirtear i bhfeidhm go haisghníomhach iad. Dá bhrí sin, tá a gcearta agus a n-oibleagáidí ar eolas ag cách roimh ré.**

### Na príomhphrionsabail

- Caithfidh dlíthe agus cinntí cúirte a bheith ar fáil go héasca agus intuigthe.
- Ní féidir dlíthe a athrú gan coinne agus caithfidh siad a bheith comhsheasmhach.
- Ní fhéadfar duine a chiontú as gníomh nach coir ná cion a bhí ann an tráth a rinneadh é.

**Cén fáth a bhfuil sé sin riachtanach?**

Má tá daoine chun gníomhú go muiníneach, caithfidh a gcearta agus a n-oibleagáidí a bheith ar eolas acu. Cruthaíonn dlíthe doiléire agus dlíthe a athraíonn go tapa éiginnteacht agus éagobhsaíocht, agus fágtar daoine i mbaol pionós dothuartha dá mbarr.



# MÍ-ÚSÁID CUMHACHTA A CHOSC

## Déantar seiceál chun treallachas a sheachaint


**Cumhacht gan teorainn agus gan srian is cúis le héagóir. Tá contúirtí éagsúla ag baint le lánchumhacht, cinntí treallacha, breabaireacht agus cur faoi chois pholaitiúil ina measc. Mar shampla, d'fhéadfadh sárú ar chearta an duine bheith de thoradh ar ró-fhaireachas gan údarú ná maoirseacht bhreithiúnach.**

### Na príomhphrionsabail

- Scaradh na gcumhachtaí: ní fhéadfar an chumhacht a fhágáil faoi chúram údaráis amháin.
- An dualgas fáthanna a thabhairt: caithfear údar a thabhairt do chinntí poiblí agus iad a mhíniú.
- Athbhreithniú breithiúnach: caithfear a bheith in ann dúshlán na gcinntí poiblí ar fad a thabhairt os comhair cúirteanna neamhspleácha agus neamhchlaonta.

**Cén fáth a bhfuil sé sin riachtanach?**

Gan maoirseacht, d'fhéadfadh rialtas cinntí treallacha a dhéanamh, a chuid freasúra a chinsireacht nó fiú deireadh a chur le bunshaoirsí. Bunaíonn an smacht reachta cosaintí chun mí-úsáid dá leithéid a sheachaint.



# COMHIONANNAS OS COMHAIR AN DLÍ AGUS NEAMH-IDIRDHEALÚ

## Cosnaíonn dlíthe cách agus cuirtear i bhfeidhm go cothrom iad, agus cuirtear cosc ar idirdhealú

**Tá sé do dhualgas faoi smacht reachta go mbeadh na cearta agus na dualgais chéanna atá bunaithe de réir dlí ag cách agus nach mbeadh aon difríocht gan údar sa chaoi a gcaitear leo.**

### Mar gheall ar an gcomhionannas os comhair an dlí

- Ní fhéadfar dealú gan údar a dhéanamh idir daoine, sa dlí ná i gcur i bhfeidhm an dlí.
- Caithfear cosaint a thabhairt ar gach cineál idirdhealaithe.
- Caithfear na cearta agus na dualgais chéanna a chinntiú do chách.
- Caithfidh aon duine a ndearnadh idirdhealú orthu a bheith in ann iad féin a chosaint.

**Na príomh dhul chun cinn – An sampla do ceart vótáil na mban**

Is sampla d'idirdhealú stairiúil é an mhoill a bhí ar an ceart vótála a bhronnadh ar mhná na hEorpa. Ba í an Fhionlainn an chéad tír san Eoraip a thug cead vótála do mhná in 1906. Níor scaip an cead sin go formhór na dtíortha eile san Eoraip go dtí i ndiaidh 1918, agus ní raibh ceart vótála ag mná ar fud na hEorpa go dtí 1984. Sa lá atá inniu ann, ní amháin go gcosnaíonn an smacht reachta ceart na mban chun vóta a chaitheamh, cinntíonn agus spreagann sé a rannpháirteachas gníomhach sa saol polaitiúil gan idirdhealú.



# ROCHTAIN AR CHEARTAS NEAMHSPLEÁCH AGUS NEAMHCHLAONTA

## Is féidir le cách a gcearta a chosaint i gcúirt dlí

**Má bhíonn cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta ar fáil ag daoine, bíonn deis acu a gcearta a chosaint. Mar shampla, bhreith an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, gur sarú cearta na n-iarratasóirí nuair a diúltaíodh cead dóibh dushlán a thabhairt ar bhriseadh a bhfostaíochta, nó nuair a baineadh a maoin doibh, nó nuair a cuireadh deireadh lena gcuid cead cuairte ar a gcuid páistí féin. Tá ceartas tapa agus inrochtana riachtanach chun cearta comhionanna a chinntiú.**

### Na príomhphrionsabail

- Tá sé de cheart ag gach duine iarratas a chur faoi bhráid cúirte agus tá gach duine i dteideal triail chóir os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta.
- Bíonn breithiúnais inrochtana agus mínítear go soiléir iad.
- Bíonn comhairle dlí agus cúnaimh dlí ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn a leithéid uathu.
- Bíonn nósanna imeachta réasúnta tapa agus saor.
- Cuirtear cinntí cúirte i bhfeidhm.

**Cén fáth a bhfuil sé sin riachtanach?**

Gan fáil ar an gceartas, ní bheadh saoránaigh a déanadh éagóir orthu in ann a gcearta a dheimhniú. Caithfidh an stát cúirteanna neamhspleácha agus córas ceartais atá inrochtana do chách a chinntiú.


PAX EVAN
TIBI GELI
MAR

# AN SMACHT REACHTA I NGNÍOMH

## Ról Choimisiún na Veinéise de chuid Chomhairle na hEorpa

**Chuidigh Coimisiún na Veinéise lena bhallstáit chun córais bhunreachtúla a cheapadh a chuireann prionsabail smachta reachta i bhfeidhm de réir mar is gá. Chuir an Coimisiún uirlis ar fáil freisin – Seicliosta do Smachta Reachta – chun measúnú a dhéanamh ar ar leibhéal cur i bhfeidhm phrionsabail an smachta reachta i dtír ar leith.**

### Seicliosta Smachta Reachta ó Choimisiún na Veinéise

Cuireann Seicliosta Smachta Reachta 2016 croíphrionsabail rialtas an dlí i láthair i bhfoirm tagarmharcanna lena mbaineann paraiméadair mhionsonraithe agus foinsí ábhartha. Is iad na prionsabail sin dlíthiúlacht, deimhneacht dhlíthiúil, an chosc ar mhí-úsáid agus ar mhí-iompar cumhachta, rochtain ar an gceartas, an chomhionannas agus an neamh-idirdhealú.

Trí leas a bhaint as an Seicliosta, is féidir leis an rialtas, an pharlaimint, an tsochaí shibhialta, saoránaigh, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta, measúnú a dhéanamh ar a mhéad a gcomhlíontar prionsabail an smachta reachta i stát ar leith. Dá bhrí sin, leis an Seicliosta, is féidir laigí nó bearnaí a dteastaíonn gníomhú stáit uathu a aithint. Rinne Coimisiún na Veinéise go leor moltaí maidir le conas leigheas a chur ar a leithéid de laigí agus de bhearnaí.

## Cé muidne?

Is é Coimisiún na Veinéise "ar son Daonlathas tríd an Dlí" foras comhairleach Chomhairle na hEorpa ar dhlí bunreachtúil, ina bhfuil saineolaithe neamhspleácha.

Bunaíodh é ar an 10 Bealtaine 1990, ar bhonn smaoineamh an scoláire Iodálaigh Antonio La Pergola. I ndiaidh thitim Bhalla Bheirlín, chabhraigh sé le mórán tíortha a bhíodh sóisialach chun bunreachta agus reachtaíocht dhaonlathach a ghlacadh, agus ina dhiaidh sin ballraíocht a fháil i gComhairle na hEorpa.

Sa lá atá inniu ann, cabhraíonn sé lena bhallstáit chun athchóirithe bunreachtúla agus reachtacha a dhearadh i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Chuidigh comhlíonadh mholtaí na Coimisiúin leis an bpróiseas ballraíocht san Aontas Eorpach a fháil.

## Misean

Ar iarratas agus trí phróiseas ionchuimsitheach comhairliúchán leis na húdaráis náisiúnta, le institiúidí stáit, le páirtithe leasmhara agus an tsochaí shibhialta, déanann Coimisiún na Veinéise measúnú ar leasuithe bunreachtúla agus reachtacha, go háirithe i réimsí toghcháin agus breithiúnacha, agus déanann sé moltaí neamhcheangailteacha maidir le conas na leasuithe seo a fheabhsú chun prionsabail an daonlathais, chearta an duine agus an smachta reachta a urramú agus a chur i bhfeidhm, agus córais rialtais atá éifeachtúil agus inmharthana a dhearadh.

## Na Ballstáit

Cuimsíonn Coimisiún na Veinéise 46 ballstát Chomhairle na hEorpa, chomh maith le 15 stát eile, ó mór-roinn Mheiriceá, an Afric agus an Áise.

## Cén fáth a luaitear an Veinéis?

Ghlac "an Coimisiún Eorpach ar son Daonlathas tríd an Dlí" an t-ainm "Coimisiún na Veinéise" ón gcathair cháiliúil Iodálach sa Laguna ina raibh a chéad chruinniú, agus ina gcruinníonn sé fós ceithre huaire sa bhliain.

## 1990–2025 - Éachtaí

Sna 35 bliain dá ré , a bhuí lena neamhspleáchas agus lena neamhchlaontacht, lena ghairmiúlacht agus lena mhodhanna oibre ionchuimsitheacha, bhí tionchar mór ag Coimisiún na Veinéise ar ghlacadh bunreachtanna daonlathach agus ar fheidhmiú daonlathach na n-institiúidí a éascú. Chuir an Coimisiún go háirithe le comhlíonadh phrionsabail an smachta reachta a fheabhsú chomh maith le scaradh na gcumhachtaí agus neamhspleáchas breithiúnach ina bhallstáit a neartú.

- **1000+**: Líon na dtuairimí agus dtuairiscí ar leasuithe bunreachtúla agus reachtacha
- **50+**: Líon na bunreacht a dhréachtaíodh nó a leasaíodh le cúnamh an gCoimisiúin
- **200+**: Líon na saineolaithe dlí neamhspleácha a chuir lena chuid oibre

**Cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach dúinn go léir?**
**Cothaíonn an smacht reachta:**

Daonlathas cobhsaí agus síochánta.
Saoránaigh atá saor agus a chosnaítear ar threallachas.
Sochaí níos cothroime, níos comhionainní.

Léaráidí: Nadine Theuma

Gach ceart ar cosaint.
Ní cead aon chuid den fhoilseachán seo a aistriú, a atáirgeadh ná a sheachadadh, gan cead a fháil roimh ré i scríbhinn ón Stiúrthóireacht Cumarsáide (F-67075 Strasbourg Cedex nó publishing@coe.int).

Grianghraif: © Comhairle na hEorpa

Arna fhoilsiú ag Comhairle na hEorpa
F-67075 Strasbourg Cedex
**www.coe.int**

© Comhairle na hEorpa, Iúil 2025

**Suíomh Gréasáin Choimisiún na Veinéise**

https://venice.coe.int



Fiosraítear prionsabail riachtanacha an smachta reachta sa bhróisiúr seo: dlíthiúlacht, deimhneacht dhlíthiúil, drochúsáid cumhachta a chosc, comhionannas os comhair an dlí, agus rochtain ar cheartas. Is iad na prionsabail sin bunchloch an daonlathais agus chearta an duine, trína gcinntítear rialachas cuntasach, saoirsí aonair, agus cothroime sa tsochaí. Foghlaim faoin gcaoi a dtugann Comhairle na hEorpa, trí obair Choimisiún na Veinéise, tacaíocht dá ballstáit chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh agus saoránaigh a chosaint ar chumhacht threallach. Is cuma más déantóir beartas thú, nó mac léinn, nó saoránach a bhfuil spéis agat sna cúrsaí seo, léirítear sa treoir seo an tábhacht a bhaineann leis an smacht reachta agus an chaoi a gcosnaíonn sé ár saoirsí gach lá.

GLE

**www.coe.int**

Is í Comhairle na hEorpa an phríomheagraíocht a phléann le cearta an duine ar an mór-roinn. Tá 46 mballstát aici, lena n-áirítear gach mballstát den Aontais Eorpaigh. Tá gach ballstát de chuid Chomhairle na hEorpa tar éis an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a shíniú, conradh a ceapadh chun cearta an duine, daonlathas agus forlámhas an dlí a chosaint. Déanann an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine maoirseacht ar fheidhmiú an Choinbhinsiúin sna Ballstáit.

VENICE COMMISSION
COMMISSION DE VENISE

COUNCIL OF EUROPE
CONSEIL DE L'EUROPE